Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14305/18**

**COPS 431**
**CIVCOM 231**
**POLMIL 207**
**CFSP/PESC 1046**
**CSDP/PSDC 656**
**RELEX 960**
**JAI 1135**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14047/18 COPS 422 CIVCOM 229 POLMIL 205 CFSP/PESC 1023 CSDP/PSDC 638 RELEX 945 JAI 1112 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le comhshocrú CBSC shibhialtaigh a bhunú |

I gceangal leis seo gheobhaidh na toscaireachtaí na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le comhshocrú CBSC shibhialtaigh a bhunú, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 19 Samhain 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE AGUS Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, MAIDIR LE COMHSHOCRÚ CBSC SHIBHIALTAIGH A BHUNÚ**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE, MAR A LEANAS,

AG CUR I dTREIS DÓIBH a n-imní maidir le timpeallacht straitéiseach an Aontais a bheith ag dul in olcas, lena n-áirítear teacht chun cinn agus dul chun donais coinbhleachtaí ar imeall an Aontais agus leanúnachas na héagobhsaíochta agus na mbagairtí agus na ndúshlán trasnáisiúnta;

AG MEABHRÚ DI tiomantas an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit maidir le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chur chun cinn leis an iltaobhachas mar phríomhphrionsabal agus na Náisiún Aontaithe ina chroílár;

AG LEAGAN BÉIME DÓIBH ar an ngá leanúnach atá ann ról agus cumas an Aontais a neartú chun go ngníomhóidh sé mar sholáthraí slándála tríd an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC);

AG MEABHRÚ DÓIBH gurb é neart uathúil an Aontais ó thaobh géarchéimeanna a bhainistiú agus a chosc a ábalta atá sé sócmhainní agus acmhainní, idir shibhialta agus mhíleata, a imscaradh mar chuid de chur chuige comhtháite níos leithne an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha;

AG AITHINT DÓIBH rannchuidiú an 22 misean sibhialtach CBSC a imscaradh ó 2003 i leith, lena n-áirítear deich misean reatha, leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, agus ag gabháil buíochais dóibh leis na fir agus na mná a oibríonn sna misin sin;

AGUS IAD TIOMANTA borradh, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil, a chur faoi CBSC sibhialtach, mar a iarradh i gconclúidí na Comhairle mhí na Bealtaine 2018 faoi chuimsiú chur chun feidhme na Straitéise Domhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais, chun leibhéal uaillmhéine mhí na Samhna 2016 a chomhlíonadh;

ÓS RUD É go soláthraíonn CBSC acmhainn oibríochtúil don Aontas, lena mbaineann sócmhainní sibhialtacha agus míleata ó na Ballstáit, agus AG CUR I dTREIS DÓIBH dá bharr sin go gcuireann neartú an CBSC shibhialtaigh de cheangal ar na Ballstáit forbairt a dhéanamh ar na cumais is gá;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur chuir an Chomhairle Eorpach i dtreis arís is arís eile go gcaithfidh muintir na hEorpa freagracht níos mó a ghlacadh as a slándáil féin;

COMHAONTAÍONN SIAD an Comhshocrú CBSC Shibhialtaigh seo, ina bhfuil treoirlínte straitéiseacha chun an comhbheartas slándála agus cosanta sibhialtach a neartú, chomh maith le gealltanais ón gComhairle agus ó na Ballstáit, agus tograí le haghaidh gníomhaíochtaí, lena ndírítear ar na spriocanna sin a bhaint amach.

## I. TREOIRLÍNTE STRAITÉISEACHA

LÉIRÍONN SIAD gur cheart CBSC níos cumasaí, níos éifeachtaí agus níos dlúithe a bheith de thoradh ar an gComhshocrú seo;

AONTAÍONN SIAD, de bharr chumas neartaithe an Aontais misin bainistithe géarchéime sibhialtaí a imscaradh, go mbeifear in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– Cuidiú leis na cúig thosaíocht straitéiseacha i Straitéis Dhomhanda an Aontais a bhaint amach, mar atá: slándáil an Aontais, teacht aniar na stát agus na sochaithe i réigiúin chomharsanachta agus máguaird, cur chuige comhtháite i ndáil le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, oird réigiúnacha comhair, agus rialachas domhanda a bheadh oiriúnach don 21ú haois;

– Cuidiú le comhlíonadh leibhéal uaillmhéine an Aontais agus a thrí thosaíocht straitéiseacha i réimse na slándála agus na cosanta, a comhaontaíodh sa Chomhairle i mí na Samhna 2016, a chomhlíonadh, is é sin freagairt do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, cumas na gcomhpháirtithe a fhothú, agus an tAontas agus a chuid saoránach a chosaint, trí chúraimí CBSC a dhéanamh atá leagtha amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE);

– Díriú ar thosaíochtaí Feira agus an phóilíneacht, an smacht reachta agus an riarachán sibhialta a neartú i suímh leochaileacha agus i suímh coinbhleachta mar fheidhmeanna lárnacha, lena gcuirtear i dtreis freisin an tábhacht a bhaineann le hAthchóiriú na hEarnála Slándála (SSR) agus le cúraimí faireacháin;

– Freagairt ghasta dhiongbháilte do chásanna ar leith le linn timthriall iomlán na coinbhleachta, agus béim ar leith a leagan ar chobhsú agus ar chosc, bunaithe ar thosaíochtaí an Aontais maidir le gníomhaíocht sheachtrach agus maidir le riachtanais agus ceanglais na tíre óstaí;

– Ina theannta sin ,cuidiú le freagairt níos leithne an Aontais chun an ceann is fearr a fháil ar dhúshláin slándála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an imirce, bagairtí hibrideacha, an chibearshlándáil, an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht eagraithe, bainistiú teorainneacha agus an tslándáil mhuirí, mar aon leis an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, agus a riachtanaí atá sé go gcuirfí san áireamh gur gá an oidhreacht chultúrtha a chosaint;

– Cuidiú go suntasach le teacht aniar agus le slándáil na dtíortha comhpháirtíochta agus úinéireacht na tíre óstaí á háirithiú ag an am céanna chun torthaí éifeachtacha inbhuanaithe a bhaint amach;

– Oibriú go héifeachtach i gcomhpháirt le chéile agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta ábhartha agus le hionstraimí eile de chuid an Aontais mar chuid de chur chuige comhleanúnach Eorpach, bunaithe ar shineirgí sibhialtacha/míleata laistigh de CBSC mar aon le dlúthchomhar le seirbhísí an Choimisiúin agus le gníomhaithe ábhartha eile de chuid an Aontais mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna d'fhonn comhsheasmhacht agus comhordú a bhaint amach le hiarrachtaí an Aontais ar scála níos leithne, lena n-áirítear na gnéithe forbartha, cobhsaíochta, daonnúla agus polaitiúla;

– Comhoibriú, nuair is iomchuí, le seirbhísí an Choimisiúin agus gníomhaithe CGB chun dul i ngleic le bagairtí agus dúshláin trasna an naisc inmheánaigh-sheachtraigh agus sineirgí agus comhsheasmhacht a áirithiú i réimse forbartha cumas freisin;

– Cearta an duine agus an comhionannas inscne a phríomhshruthú sna gníomhaíochtaí go léir agus comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí coiriúil idirnáisiúnta, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil agus rúin eile ina dhiaidh sin agus cosaint na sibhialtach á gcur san áireamh go hiomlán i gcéimeanna pleanála agus oibríochtúla uile na misean, agus an fhreagracht as cosaint á hurramú ag an am céanna;

– Leanúint d'fheabhas a chur ar infheictheacht CBSC shibhialtaigh agus a rannchuidiú le slándáil na nEorpach agus ár gcomhpháirtithe.

## II. GEALLTANAIS

Tugann an CHOMHAIRLE agus na BALLSTÁIT gealltanas an méid seo a leanas a dhéanamh:

| *CBSC sibhialtach níos cumasaí.* |
|---|

1. Rannchuidiú méadaithe a sholáthar do CBSC sibhialtach – bíodh sin i bhfoirm foirne, trealaimh, oiliúna, tacaíocht feidhme, ranníocaíochtaí airgeadais nó eile – ar bhonn aonair nó i gcomhpháirt agus bunaithe ar phleananna cur chun feidhme náisiúnta aonair.

2. Athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta náisiúnta amhail cinnteoireacht, maoiniú agus reachtaíocht, i gcás inarb iomchuí, chun infhaighteacht agus rannpháirtíocht saineolaithe náisiúnta i misin shibhialtacha a fheabhsú, mar shampla trí chomhtháthú níos fearr a dhéanamh ar a rannpháirtíocht i gconair ghairme.

3. I gcomhpháirt, líon na saineolaithe náisiúnta ar iasacht sna misin a mhéadú, lena ndíreofaí ar sciar iomlán na saineolaithe ar iasacht a mhéadú go dtí ar a laghad 70 faoin gcéad d'fhoireann na misean idirnáisiúnta, agus tosaíocht a thabhairt d'fhoireann ar iasacht i bpoist oibríochtúla, agus leanúint ar aghaidh le héifeachtacht na misean a chur chun cinn.

4. Na hacmhainní a fhorbairt agus a sholáthar atá riachtanach chun go mbeidh an tAontas in ann tabhairt faoi raon iomlán misean chun géarchéimeanna sibhialtacha a bhainistiú, lena mbainfidh na saintréithe seo a leanas:
    a. Na gcroí-chatagóirí cumais mar a shainmhíníodh ar dtús iad in Feira in 2000, is é sin an phóilíneacht, an smacht reachta agus an riarachán sibhialtach, chomh maith le hathchóiriú agus faireachán ar earnáil na slándála.
    b. Na riachtanais cumais, faoi chuimsiú na gcroí-chatagóirí sin, a bhaineann le freagairt níos leithne an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin slándála – ag tógáil ar an bpáipéar coincheapa agus ar an bPlean Forbartha Cumais Shibhialtaigh.
    c. Cumais tacaíochta misean (e.g. cumais slándála, TF, cúraim leighis agus cumarsáid) agus riachtanais chineálacha cumais (e.g. Tuairisciú, cumarsáid straitéiseach agus scileanna bainistíochta).
    d. réimsí trasearnálacha amhail cearta an duine agus gnéithe a bhaineann le hinscne agus le mná, síocháin agus slándáil (WPS).

5. Oiliúint a chur ar a saineolaithe náisiúnta roimh dóibh dul ar mhisean agus le linn dóibh a bheith ar mhisean i gcomhréir leis an mBeartas Oiliúna CBSC, mar a chomhaontaigh an Chomhairle, agus freisin, leis an treoir ó Ghrúpa Oiliúna Sibhialtach an Aontais, an comhar agus na sineirgí ó thaobh oiliúna a fheabhsú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear oiliúint ábhartha i dteangacha agus riachtanais shonracha oiliúna maidir le dúshláin nua slándála, agus na deiseanna a thapú arna gcur ar fáil ag na soláthraithe oiliúna aitheanta i gcomhsheasmhacht agus i gcomhleanúnachas le hionstraimí ábhartha de chuid an Aontais.

6. Sainfhoirne a chur ar fáil ar bhonn cuimsitheach deonach, a bheidh teoranta ó thaobh raon feidhme, ama agus méid agus a chomhfhreagraíonn do riachtanais CBSC shibialtaigh agus a bheadh in ann freagairt ar fhógra gearr, i gcás ina gcomhaontaítear sin, d'fhorbairtí ar an láthair.

7. Struchtúir náisiúnta nó ilnáisiúnta, i gcás ina gcomhaontaítear sin, a chuideoidh le neartú cumas sibhialtach CBSC a chur ar fáil agus a úsáid, chun struchtúir an Aontais atá ann cheana a chomhlánú go hiomlán agus chun tacú leo freisin.

*Cumas sibhialtach CBSC a bheidh níos éifeachtaí, níos solúbtha agus níos freagrúla.*

8. Misin shibhialtacha a imscaradh faoin raon feidhme atá leagtha amach in Airteagal 42 agus in Airteagal 43 CAE laistigh de raon feidhme Airteagal agus Airteagal CAE, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí agus faoi choinníollacha arna gcomhaontú, cúraimí feidhmiúcháin nó cúraimí leathfheidhmiúcháin. Le sainorduithe den sórt sin, ba cheart go bhféadfaí cúraimí breise, tionscadail nó modúil a chur i ngníomh laistigh de raon feidhme agus cuspóirí na misean, tar éis cinneadh CPS, i gcás inarb iomchuí agus faoi réir anailís straitéiseach, agus aird chuí a thabhairt ar na nósanna imeachta bainistithe géarchéime. Ba cheart sainorduithe na misean agus a dtréimhse a ailíniú leis na cuspóirí misin agus leis an staid ar an láthair, agus d'fhéadfadh sé, i gcás inarb ábhartha, gur sainorduithe níos faide agus ilbhliantúla a bheadh iontu, bunaithe ar chinneadh ón gComhairle.

9. Gníomhú níos tapa i dtaca le cinnteoireacht oibríochta do mhisin shibhialtachta a chur chun cinn agus a spreagadh: an t-am a thógann sé tabhairt faoin imscaradh a laghdú agus stiúradh éifeachtach solúbtha a áirithiú. An t-imscaradh, agus cúraimí agus seasaimh a oiriúnú nó a chur le misean, ba cheart go mbeadh sé bunaithe ar mheasúnú luath ar na riachtanais agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis an gcostas. Bearta pleanála agus cinnteoireachta a athbhreithniú agus a chuíchóiriú, nuair is féidir, maidir le hullmhú agus cur chun feidhme, tar éis don Chomhairle teacht ar chomhaontú polaitiúil an misean a imscaradh, agus an misean a bhainistiú i gcéim an tseolta.

10. Feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní daonna tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
    a. Iarraidh ar an Ardionadaí beartas agus nósanna imeachta earcaíochta SEGS i leith na misean a athbhreithniú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní daonna a chuireann na Ballstáit ar fáil, chun dlús a chur le hearcú agus chun gur fearr a dhéanfar SEGS agus nósanna imeachta náisiúnta a ailíniú.
    b. Iarraidh ar an Ardionadaí a bheith ag obair i gcomhar le ranna an Choimisiúin, an Chomhairle agus leis na Ballstáit ar an athbhreithniú ar stádas fostaíochta ball foirne conarthach idirnáisiúnta.
    c. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair agus Smachta le haghaidh mhisin shibhialtacha CBSC, arna bhunú ar thogra ón Ardionadaí.

11. Bheith in ann misean nua ar a mbeadh foirne suas le 200 duine a chur ar bun in aon réimse oibríochta laistigh de 30 lá tar éis cinneadh ón gComhairle, agus an trealamh go léir is gá á chur ar fáil ag an stóras straitéiseach, i gcomhréir leis an gcur chuige ilsrathach agus leis an gcroí-acmhainn freagúlachta. I gcás ina n-aontaítear, féadfar foirne speisialaithe agus foirmíochtaí ilnáisiúnta, mar shampla an Fórsa Gendarmerie Eorpach, a úsáid chun rannchuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach.

12. Tuilleadh feabhais a chur ar fhreagrúlacht trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    a. Foireann iomlán a fhostú don chroí-acmhainn freagúlachta agus líon na saineolaithe ar an bhfoireann sin a mhéadú go 50, agus iad faoi réir le haghaidh imscaradh gasta.
    b. Acmhainn iomlán oibríochtúil an stórais straitéisigh a bhaint amach in earrach na bliana 2019, i gcomhréir lena théarmaí tagartha.
    c. Acmhainní tacaíochta misin a neartú de réir mar is gá ar leibhéal na ceanncheathrún, lena n-áirítear an tArdán Tacaíochta Misean, agus ar an láthair féin, agus ar bhonn measúnaithe.

13. Tagarmharcanna spriocdhírithe oibríochtúla i ndoiciméid pleanála oibríochtúla a shainaithint ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus ar mhaithe le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo straitéis dhea-shainithe maidir leis an stát deiridh agus leis an stát trasdula. An mheastóireacht ar thionchar oibríochtúil misean a chur i gcrích, agus gnéithe airgeadais á chur san áireamh, d'fhonn na cleachtais is fearr maidir le bainistiú misin a shainaithint chomh maith leis na feabhsuithe a d'fhéadfaí a chur orthu.

14. Iarrachtaí a neartú faoi chuimsiú Chur Chuige Comhtháite an Aontais, d'fhonn úinéireacht agus nós imeachta ceannach isteach ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach a áirithiú chun torthaí inbhuanaithe éifeachtacha a bhaint amach.

15. Oibriú in éineacht leis an gCoimisiún chun buiséad stóinseach CBES a áirithiú, ar buiséad é a fhéadfar a úsáid go tapa, go solúbtha agus go héifeachtach chun tacú le misin bainistithe géarchéime sibhialtaí, idir mhisin nua agus mhisin atá ar siúl faoi láthair, d'fhonn freagairt don leibhéal nua uaillmhéine. D'fhágfadh sin go bhféadfaí réamhaisnéisí agus tosaíochtaí ilbhliantúla a dhéanamh, agus, ag an am céanna, na sineirgí le cistiú comhlántach ó bhuiséad an Aontais a uasmhéadú. Iarraidh ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún breathnú, agus na sainorduithe agus na buiséid atá acu á lánurramú acu, ar dhreasachtaí nithiúla chun tacú leis na Ballstáit ina bhforbairt chumais, lena n-áirítear trí shineirgí a mheas le hionstraimí ábhartha an Aontais sa bhreis ar bhuiséad an CBES, nó rannchuidithe uathu sin a mheas freisin.

16. Príomhshruthú níos doimhne agus níos córasaí a dhéanamh maidir le gnéithe a bhaineann le cearta an duine agus le hinscne i misin shibhialtacha uile CBSC, lena n-áirítear trí chomhairleoirí a dhíríonn ar na gnéithe sin a cheapadh de ghnáth. Méadú ar ionadaíocht na mban i measc saineolaithe idirnáisiúnta a chur chun cinn go dúthrachtach ar gach leibhéal an mhisin, bunaithe ar ranníocaíochtaí náisiúnta méadaithe agus i gcomhréir le beartais agus treoirlínte arna gcomhaontú san Aontas agus go hidirnáisiúnta.

*Cur chuige iomlánaíoch i leith chumas sibhialtach CBSC*

17. Feabhas a chur ar chomhroinnt anailíse agus feasachta staide le gníomhaithe ábhartha an Aontais.

18. Cur chuige níos comhtháite a chur chun feidhme maidir le clárú agus maidir le cur chun feidhme gníomhaíochtaí freagartha ar ghéarchéimeanna, gníomhaíochtaí cobhsaíochta agus gníomhaíochtaí comhair um fhorbairt ar an láthair, iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, de réir mar is iomchuí, tograí nithiúla a thíolacadh ina leith sin. Agus aird á tabhairt ar an gcomhdhearcadh Eorpach maidir leis an bhforbairt, ba cheart do mhisin CBSC, do ghníomhaithe eile CBES agus do ghníomhaithe forbartha féachaint le sineirgí a aimsiú agus gníomhaíochtaí a chur chun feidhme ar bhealach atá comhordaithe go hiomlán agus a threisíonn a chéile, lena n-áirítear d'fhonn teacht aniar agus straitéisí aistrithe éifeachtacha a mhéadú.

19. Sineirgí agus comhlántacht idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC a chothú, lena n-áirítear i réimsí forbartha acmhainní agus i bpleanáil oibríochtúil agus stiúradh misean a imscartar ar an láthair céanna, go háirithe i dtaca le tacaíocht do mhisin.

20. Comhar agus sineirgí níos dlúithe a threisíonn a chéile a chur chun cinn idir misin shibhialtacha CBSC, ranna an Choimisiúin agus gníomhaithe CGB, ag cur leis na róil uathúla faoi seach atá acu agus laistigh dá sainorduithe, chomh maith le breisluach, ó phleanáil straitéiseach go stiúradh oibríochtúil agus comhroinnt faisnéise, lena n-áirítear trí shaineolas a bhaineann le CGB a neartú laistigh de struchtúir ábhartha CBSC. Mar chuid den mhéid sin áirítear baint a bheith ag gníomhaithe CGB, nuair is iomchuí, le ranna an Choimisiúin agus le comhairliúcháin, forbairt coincheapa, pleanáil, measúnú agus meastóireacht, agus lánurraim á tabhairt don chreat institiúideach.

21. Toradh oibríochtúil a chinntiú i gcás comhar den chineál sin idir CBSC agus CGB ar bhonn a sainorduithe faoi seach trí bhreathnú, nuair is iomchuí, ar chineálacha nua oibríochtaí nó treoirthionscadail le haghaidh misin nua CBSC nó misin CBSC atá ar siúl faoi láthair, ag cur freisin le mionchoincheapa spriocdhírithe, mar fhreagairt do riachtanais áitiúla agus i gcomhar leis na seirbhísí ábhartha de chuid an Choimisiúin agus le gníomhaithe CGB. I dtreoirthionscadail, ba cheart freisin na trí thosaíocht atá i Leibhéal na hUaillmhéine a leag an Chomhairle amach a chur san áireamh, a dhíríonn ar fhorbairt agus neartú chumas na gcomhpháirtithe coinbhleachtaí a chosc, síocháin a chothú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais réamh-ghéarchéime agus iar-ghéarchéime, agus ba cheart na treoirthionscadail sin a chur chun feidhme i gcomhréir leis na nósanna imeachta bainistithe géarchéime.

22. Comhar a mhéadú leis na tíortha sin ina bhfuil misin CBSC ar bun faoi láthair, chomh maith le comhpháirtíochtaí tairbhiúla a fheabhsú le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí go háirithe na Náisiúin Aontaithe, ECAT agus ESCE, chomh maith leis an Aontas Afracach agus ASEAN maidir le saincheisteanna coiteanna faoi bheartas agus caighdeáin. Rannchuidiú tríú stát a chur chun cinn i misin shibhialtacha CBSC, ar bhonn cás ar chás, agus tacaíocht a thabhairt do chomhar breise leo chun na críche sin, i gcomhréir le nósanna imeachta comhaontaithe.

## III. AN RÓD ROMHAINN

Iarrann an CHOMHAIRLE agus na BALLSTÁIT ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún tacú le cur chun feidhme na ngealltanas thuasluaite i gcomhréir iomlán leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme agus le sainorduithe gníomhaithe éagsúla an Aontais, laistigh d'uasteorainneacha reatha chlársceidealú airgeadais CBES agus na huasteorainneacha a bheidh ann amach anseo agus i gcomhairle leis na Ballstáit.

Aontaíonn an CHOMHAIRLE agus na BALLSTÁIT an méid seo a leanas a dhéanamh:

– Iarraidh ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta comhpháirteach de chuid SEGS/an Choimisiúin a chur i láthair faoi earrach 2019, lena leagfar amach bearta nithiúla a bheidh le déanamh ag institiúidí an Aontais chun rannchuidiú le cur chun feidhme comhleanúnach an chomhshocraithe sin. Ba cheart go n-áireofaí ann, *inter alia*, moltaí ón Ardionadaí chun gnéithe oibríochtúla a bhaineann le CBSC sibhialtach a fheabhsú;

– Pleananna cur chun feidhme náisiúnta a fhorbairt, bunaithe ar theimpléad táscach, lena dtionscnófar próiseas dinimiciúil idirghníomhach ar leibhéal náisiúnta;

– Próiseas bliantúil a sheoladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an chomhshocraithe bunaithe ar phleananna cur chun feidhme náisiúnta na mBallstát agus ar phlean gníomhaíochta comhpháirteach SEGS agus an Choimisiúin. Mar chuid den phróiseas sin, chuirfeadh an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí tuarascáil bhliantúil ar fáil maidir le cumais shibhialtacha. Ba cheart don athbhreithniú sin bearnaí cumais a aithint agus cabhrú le dul i ngleic leo trí iarracht a dhéanfadh an tAontas Eorpach i gcomhar leis na Ballstáit, agus a dhéanfadh na Ballstáit i gcomhar le chéile chomh maith. Ba cheart dó tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar infhaighteacht na gcumas riachtanach, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt agus ba cheart baint a bheith acu le pléití ar bhuiséad CBES;

– An chéad chomhdháil bhliantúil maidir le cumas sibhialtach CBSC a thionól sa dara seimeastar de 2019 chun breathnú ar an dul chun cinn agus chun tosaíochtaí a aithint i leith na hoibre atá le déanamh amach anseo;

– Tacú le seoladh agus cur chun feidhme maidir le comhshocrú CBSC shibhialtaigh trí straitéis chumarsáide chuimsitheach;

– An comhshocrú sin a thabhairt i gcrích go hiomlán a luaithe is féidir ach faoi 2023 ar a dhéanaí.